Polasaí Úsáide Inghlactha maidir leis an Idirlíon

Ainm na Scoile	Coláiste an Eachréidh
Seoladh	Bóthar Thuama, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. H65 WD54
Guthán	091874590
Ríomhphost	colaiste.aneachreidh@gretb.ie
Suíomh Idirlín	https://colaisteaneachreidh.com
Dáta Tosaigh	Meitheamh 2020

Internet Acceptable Use Policy

School Name	Coláiste an Eachréidh
Address	Bóthar Thuama, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. H65 WD54
Telephone	091-874590
Email	colaiste.aneachreidh@gretb.ie
Website	https://colaisteaneachreidh.com
Date of Commencement	June 2020

An Clár Ábhar

1. Cur Chuige Ginearálta
2. Gléasanna Pearsanta
3. Reachtaíocht
4. Scagadh Ábhar
5. Brabhsáil Gréasáin agus Íoslódáil
6. Ríomhphost agus Teachtaireachtaí
7. Na Meáin Shóisialta
8. Íomhánna & Físeán
9. Cibearbhulaíocht
10. Suíomhanna Gréasáin Scoile
11. Foirm Cheadaithe

Contents

1. General Approach
2. Personal Devices
3. Legislation
4. Content Filtering
5. Web Browsing and Downloading
6. Email and Messaging
7. Social Media
8. Images & Video
9. Cyberbullying
10. School Websites
11. Permission Form

1. Cur Chuige Ginearálta

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí Úsáide Inghlactha seo maidir leis an Idirlíon (AUP) a chinntiú go mbainfidh daltaí tairbhe as deiseanna foghlama a thairgeann acmhainní Idirlín na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach.

Meastar gur acmhainn agus pribhléid scoile iad úsáid agus rochtain Idirlín. Mura gcloítear le AUP na scoile, tarraingeofar an phribhléid seo siar agus cuirfear smachtbhannaí iomchuí i bhfeidhm.

Agus iad ag úsáid an idirlín, beifear ag súil go ndéanfaidh daltaí, tuismitheoirí agus an fhoireann na nithe seo a leanas:

- Caitheamh go hómósach le daoine eile i gcónaí.
- Gan aon ghníomhartha a dhéanamh a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an scoil.
- Meas ar phríobháideacht na ndaoine eile go léir i bpobal na scoile.
- Meas ar chruthaitheoirí cóipchirt agus aitheantas a thabhairt dóibh nuair a bhíonn ábhar agus acmhainní ar líne á n-úsáid.

Tá feidhm leis an bPolasaí Úsáide Inghlactha i gcás daltaí a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon agus a úsáideann é i gColáiste an Eachréidh.

- Tá feidhm leis freisin i gcás ball foirne, oibrithe deonacha, tuismitheoirí, cúramóirí agus daoine eile a fhaigheann rochtain ar an idirlíon i gColáiste an Eachréidh.

D'fhéadfadh mí-úsáid an Idirlín a bheith ina cúis le gníomh araíonachta, lena n-áirítear rabhaidh scríofa, tarraingt siar pribhléidí rochtana, coinneáil agus, i gcásanna tromchúiseacha, cur ar fionraí nó díbirt.

1. General Approach

The aim of this Internet Acceptable Use Policy (AUP) is to ensure that pupils will benefit from the learning opportunities offered by the school's internet resources in a safe and effective manner.

Internet use and access is considered a school resource and privilege. If the school AUP is not adhered to this privilege may be withdrawn and appropriate sanctions will be imposed.

When using the internet pupils, parents and staff are expected:

- To treat others with respect at all times.
- Not undertake any actions that may bring the school into disrepute.
- Respect the right to privacy of all other members of the school community.
- Respect copyright and acknowledge creators when using online content and resources.

This Acceptable Use Policy applies to pupils who have access to and are users of the internet in Coláiste an Eachréidh.

- It also applies to members of staff, volunteers, parents, carers and others who access the internet in Coláiste an Eachréidh.

Misuse of the internet may result in disciplinary action, including written warnings, withdrawal of access privileges, detention and, in extreme cases, suspension or expulsion.

Coimeádann an scoil an ceart aici féin chun aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a thuairisciú do na húdaráis iomchuí.

Cuireann Coláiste an Eachréidh. na straitéisí seo a leanas i bhfeidhm maidir le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn:

- Tugtar comhairle agus deiseanna tacaíochta maidir le sábháilteacht Idirlín do dhaltaí trínár gcláir Cúram Tréadach.
- Bíonn Coláiste an Eachréidh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí Lá na Sábháilteachta Idirlín chun úsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an Idirlíon.

Déanfaidh na páirtithe leasmhara seo a leanas athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí agus ar a chur i bhfeidhm:

- An Bord Bainistíochta, an fhoireann teagaisc, daltaí, agus tuismitheoirí.

Is grúpa oibre a d'fhorbair an polasaí seo lena n-áirítear: Príomhoide, Leas-Phríomhoide, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí/ caomhnóirí, agus ionadaithe an Bhoird Bainistíochta.

Déanfaidh an scoil monatóireacht ar thionchar an pholasaí trí:

- Logaí de theagmhais tuairiscithe.
- Suirbhéanna agus/nó ceistneoirí do dhaltaí.

I gcás go dtarlódh teagmhais thromchúiseacha sábháilteachta ar líne, ba cheart Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach **a** chur ar an eolas.

Déanfaidh Foireann Bainistíocht Scoile monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha seo maidir leis an Idirlíon.

The school also reserves the right to report any illegal activities to the appropriate authorities.

Coláiste an Eachréidh implements the following strategies on promoting safer use of the internet:

- Internet safety advice and support opportunities are provided to pupils in Coláiste an Eachréidh through our Pastoral Care programmes.
- Coláiste an Eachréidh participates in Safer Internet Day activities to promote safer more effective use of the internet.

This policy and its implementation will be reviewed annually by the following stakeholders:

- Board of Management, teaching staff, pupils and parents.

This policy has been developed by a working group including: Principal, Deputy Principal, teachers, pupils, parents/guardians and representatives of the Board of Management.

The school will monitor the impact of the policy using:

- Logs of reported incidents.
- Surveys and/or questionnaires of pupils.

Should serious online safety incidents take place, Principal, Deputy Principal should be informed.

The implementation of this Internet Acceptable Use policy will be monitored by the School Management Team.

2. Táibléad/Ríomhaire Glúin

Tá tuismitheoirí / caomhnóirí freagrach as an ngléas roghnaithe a cheannach dá mac / iníon. Molaimid gur chóir é seo a dhéanamh tríd an siopa ainmnithe ar líne, nó do ghléas féin a thabhairt leat (BYOD), mar a phléitear ag oícheanta oscailte. Cé gur féidir do ghléas féin a cheannach in aon áit, caithfidh sé a bheith den chineál céanna leis an gceann a roghnaigh an scoil le húsáid - lena n-áirítear córas oibriúcháin, stóráil agus fachtóir foirme céanna.

Baineann na ráitis seo a leanas le húsáid gléasanna le hinrochtaineacht idirlín cosúil le táibléid, gléasanna cluichíochta, agus seinnteoirí ceoil digitigh i gColáiste an Eachréidh.

- Ceadaítear do dhaltaí gléasanna pearsanta le hinrochtaineacht idirlín a thabhairt isteach i gColáiste an Eachréidh.
- Is le haghaidh úsáide scoile amháin atá an gléas agus caithfear í a thabhairt ar scoil gach lá. Úsáidfear é chun teacht ar acmhainní ranga agus cuirfidh sé feabhas ar fhoghlaim sa seomra ranga.
- Caithfear an gléas a bheith luchtaithe go hiomlán ag tús an lae. Ar chúis sábháilteachta, ní féidir gléasanna a luchtú ar fud na scoile. Caithfear an gléas a thabhairt don Chomhordaitheoir TFC más gá an gléas a luchtú.
- Ní cheadaítear do dhaltaí gléasanna pearsanta le hinrochtaineacht idirlín a úsáid le linn am lóin, sosa agus ar maidin. Ní mhór don ghléas a bheith curtha i dtaisce agus a bheith faoi ghlas le linn corpoideachais, imeachtaí spóirt agus imeachtaí breis curaclaim eile nach dteastaíonn an gléas le na haghaidh.
- Beidh an dalta, a n-eisítear an gléas ina ainm, freagrach i gcónaí as a úsáid chuí

2. Tablet/Laptop

Parents/guardians are responsible for the purchasing of the selected device for their son/daughter. We advise that this should be done through the nominated online store, as discussed at information evenings or to Bring Your Own Device (BYOD). While the device may be purchased elsewhere, it must be of a similar spec as the one selected for use by the school – including operating system, storage and form factor.

The following statements apply to the use of internet-enabled devices such as tablets, gaming devices, and digital music players in Coláiste an Eachréidh:

- Pupils are allowed to bring personal internet-enabled devices into Coláiste an Eachréidh.
- The device is solely for school use and must be brought to school every day. It will be used to access class resources and will enhance classroom learning.
- The device must be fully charged for the beginning of each day. For safety reason, devices cannot be charged throughout the school. Device must be given to the ICT Coordinator if a device needs to be charged.
- Pupils are not allowed to use personal internet-enabled devices during lunch and break time nor in the morning. The device must be locked away when it is not being used, including while at physical education, sport activities and extracurricular activities where the device is not required.
- The student, in whose name the device is issued, will be responsible at all times for its appropriate use.

- Taobh amuigh d'am scoile, tá tuismitheoirí/ caomhnóirí freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na ngléasanna pearsanta.
- Ranganna ar Líne: Ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta agus priobháideachais, ní mór a chinntiú go bhfuil **ceamaraí múchta/clúdaithe le linn cruinnithe/ranganna ar líne**. Tugtar treoir do scoláirí **GAN** a gcuid TEAMS féin a chruthú agus úsáid a bhaint as TEAMS mar áis fhoghlama amháin.
- Má tharlaíonn damáiste don ghléas, ba chóir deisiúchán a shocrú gan mhoill. Is é an tuismitheoir/caomhnóir atá freagrach as seo a shocrú.
- Ba cheart an chomhordaitheoir TFC a chur ar an eolas maidir le aon damáiste a tharlaíonn don ghléas. Féadfar gléas spártha a eisiúint do dhalta nuair a bhíonn a gléas á ndeisiú, má tá ceann ar fáil ag an am. Tá an dalta freagrach as an ngléas spártha. Má tharlaíonn aon damáiste do ghléas spártha, is é an dalta agus an tuismitheoir / caomhnóir atá freagrach as é a dheisiú. Ní mhór na deisiúcháin seo a bheith déanta ag soláthróir údaraithe atá aontaithe leis an scoil.
- Is é an cleachtas is fearr ná go sábháil daltaí a gcuid oibre sa scamall i gcónaí trí úsáid a bhaint as Office365 OneDrive. Féadfaidh dalta doiciméid a sheoladh acu féin nó maide eolais/ diosca crua seachtrach a úsáid. Tá spás stórála ar fáil ar an ngléas - ACH NÍ bheidh cúltaca déanta air dá dtarlódh damáiste don ghléas nó go scriosfadh an t-eolas trí bhotún.
- Cigireacht: Féadfar gléas dalta a roghnú go randamach chun breathnú air. Má iarrtar breathnú ar ghléas dalta le haghaidh iniúchta, ní mór don dalta an gléas a dhíghlasáil. Tá an ceart ag Coláiste an Eachréidh an gléas a choinnéail ar chúis ar bith ag am ar bith má aimsítear ábhair mhíchuí ar an ngléas. Coinneofar an gléas in oifig na bPríomhoidí /Leas Príomhoide go dtí go bhféadfaidh tuismitheoir teacht isteach agus í a bhailiú.

- Outside of school time, parents/guardians are responsible for monitoring the use of the device.
- Online Classes: Students are instructed **NOT** to create their own TEAMS, **to cover their Webcams in the interest of privacy** and to use TEAMS app as a learning platform only.
- Should damage occur to the device repair should be arranged without delay. Arrangement of this is a responsibility of parents/guardians.
- The ICT Coordinator should be informed of the damage device. A substitute device may be issued to a student when their devices is undergoing repair. Students are responsible for the substitute device. If a student damages a substitute device, the onus to repair the device will fall on the student and parent/guardian. These repairs must be carried out by a recommended authorised supplier as agreed by the school.
- Best practice is that students should always save their work to the cloud using Office365 OneDrive. Students may also email documents to themselves or use an external hard-drive/USB key. Storage space available on the device – BUT it will NOT be backed up in case of mechanical failure or accidental deletion.
- Inspection: Students may be selected at random to provide their device for inspection. If a student's device is requested for an inspection, students must unlock the device. Coláiste an Eachréidh reserves the right to confiscate the device for any reason at any time if inappropriate materials are found on the device. The device will be kept in the Principals/Deputy Principals office until such a time that a parent can come in and collect it. The return of the device will be subject to certain

Tabharfar ar ais an gléas tar éis aontú ar choinníollacha iompraíochta áirithe a chloífidh gach páirtí (dalta agus tuismitheoirí/ caomhnóirí) leis.

- Is féidir ríomhairí atá lonnaithe i ríomhlann nó seomraí ranga a úsáid faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga.

3. Reachtaíocht

Iarrtar ar Muinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí eolas a bheith acu ar an reachtaíocht seo a leanas a bhaineann le húsáid an Idirlín:

An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003
An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí & Pornagrafaíocht, 1998
An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh, 1993
An tAcht um Fhístaifeadtaí, 1989
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988

4. Scagadh Ábhar

Roghnaigh Coláiste an Eachréidh an leibhéal seo a leanas a chur i bhfeidhm ar scagadh ábhar ar Líonra Leathanbhanda na Scoileanna:

- Leibhéal 4 Ceadaítear leis an leibhéal seo rochtain ar na milliúin suíomhanna gréasáin lena n-áirítear cluichí agus YouTube ach cuireann sé bac ar rochtain ar shuíomhanna gréasáin a bhaineann leis an gcatagóir de shuíomhanna gréasáin pearsanta agus suíomhanna gréasáin mar Facebook a bhaineann leis an gcatagóir Líonrú Sóisialta

D'fhéadfadh daltaí a ghlacann céimeanna chun dul thar an scagaire ábhar trí shuíomhanna seachfhreastalaí nó bealaí eile a úsáid a bheith faoi réir gnímh araíonachta, lena n-áirítear rabhaidh scríofa, tarraingt siar pribhléidí rochtana, coinneáil agus, i gcásanna tromchúiseacha, cur ar fionraí nó díbirt.

behavioural conditions that all parties (students and parents) will adhere to.

- Other computers such as those located in computer labs or classrooms may be used under supervision of the classroom teacher.

3. Legislation

Teachers, students and parents are asked to familiarise themselves with the following legislation relating to use of the Internet:

The Data Protection Act (Amendment), 2003
Child Trafficking and Pornography Bill 1998
Interception of Postal Packets and Telecommunications Messages (Regulation) Bill, 1993
Interception Act Video Recordings Act 1989
The Data Protection Act 1988

4. Content Filtering

Coláiste an Eachréidh has chosen to implement the following level on content filtering on the Schools Broadband Network:

- Level 4: This level allows access to millions of websites including games and YouTube but blocks access to websites belonging to the personal websites category and websites such as Facebook belonging to the Social Networking category.

Pupils taking steps to by-pass the content filter by using proxy sites or other means may be subject to disciplinary action, including written warnings, withdrawal of access privileges, detention and, in extreme cases, suspension or expulsion.

5. Brabhsáil Gréasáin agus Íoslódáil

Níor chóir do daltaí aipeanna/cluichí a cheannacht ná íoslódáil gan cead ó thuismitheoir/chaomhnóir.

Ní rachaidh daltaí chuig suíomhanna Idirlín ina bhfuil ábhair ghráirsiúla, neamhdhleathacha, ghráiniúla nó inlochtaithe ar shlí eile d'aon turas.

Tuairisceoidh daltaí rochtain de thaisme ar ábhair mhíchuí sa seomra ranga dá múinteoir.

Tuairisceoidh daltaí rochtain de thaisme ar ábhair mhíchuí ar scoil ach lasmuigh den seomra ranga dá Cheann Bliana.

Ní chóipeálfaidh daltaí agus an fhoireann eolas ón idirlíon gan aitheantas a thabhairt don té a chruthaigh í agus tagairt á déanamh d'fhoinse an ábhair.

Beidh daltaí agus an fhoireann eolach go bhféadfar monatóireacht a dhéanamh ar aon úsáid, lena n-áirítear eolas a dháileadh nó a fháil, bíodh sí bainteach leis an scoil nó pearsanta, ar eagla gníomhaíochta de shaghas neamhghnách, mar gheall ar chúrsaí slándála agus/nó bainistíochta líonra.

Ní bhainfidh daltaí úsáid as nasc idirlín na scoile ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí oideachais agus forbartha gairme.

Ní dhéanfaidh daltaí aon ábhar a íoslódáil ná a fheiceáil atá neamhdhleathach, gáirsiúil, clúmhillteach nó atá beartaithe le cur isteach ar dhuine eile nó é/í a imeaglú.

5. Web Browsing and Downloading

Students should not download/buy applications and games unless authorized by a teacher or parent/guardian.

Pupils will not intentionally visit internet sites that contain obscene, illegal, hateful or otherwise objectionable materials.

Pupils will report accidental accessing of inappropriate materials in the classroom to their teacher.

Pupils will report accidental accessing of inappropriate materials in school but outside the classroom to The Year Head.

Pupils and staff should not copy information from the internet without acknowledging the creator and referencing the source of the content.

Pupils and staff will be aware that any usage, including distributing or receiving information, school-related or personal, may be monitored for unusual activity, security and/or network management reasons.

Pupils will use the school's internet connection only for educational and career development activities.

Pupils will not download or view any material that is illegal, obscene, and defamatory or that is intended to annoy or intimidate another person.

6. Ríomhphost & Teachtaireachtaí

- Tugtar ríomhphoist scoile le @gretb.ie ag tús a chuid scolaíocht do gach dalta i gColáiste an Eachréidh. Is d'úsáid scoile amháin atá sé. Tá cosc ar úsáid ríomhphoist scoile @gretb.ie ar na meáin shóisialta
- Ní cheadaítear úsáid a bhaint as cuntais ríomhphoist phearsanta ag Coláiste an Eachréidh
- Níor chóir do dhaltaí in imthosca ar bith a sonraí chun logáil isteach ina gcuntas ríomhphoist a roinnt le daltaí eile.
- Ba cheart go dtuigfeadh daltaí go bhfuil monatóireacht á déanamh ar chumarsáid ríomhphoist.
- Ní úsáidfidh daltaí cuntais ríomhphoist scoile chun ríomhphoist phearsanta a sheoladh.
- Ní dhéanfaidh daltaí aon ábhar a sheoladh atá neamhdhleathach, gáirsiúil, clúmhillteach nó atá beartaithe le cur isteach ar dhuine eile nó é/í a imeaglú.
- Ba cheart do dhaltaí tuairisc a thabhairt láithreach má fhaigheann siad aon chumarsáid a fhágann míchompordach iad, nó aon chumarsáid atá gránna, idirdhealaitheach, bagrach nó a bhfuil bulaíocht ag baint léi agus níor cheart dó/di freagra a thabhairt ar aon chumarsáid den sórt sin.
- Níor cheart do dhaltaí ríomhphoist a bhfuil cuma amhrasach orthu a oscailt. Má tá amhras orthu, ba cheart do dhaltaí ceist a chur ar a múinteoir sula n-osclaíonn siad ríomhphoist ó sheoltóirí anaithnid.
- Níor cheart do dhaltaí cruinniú ar bith a shocrú le casadh le duine nach bhfuil aithne acu air/uirthi tríd ríomhphoist nó cumarsáide ar líne amháin.

6. Email and Messaging

- Students will be provided with an @gretb.ie email address and password at the beginning of their study in Coláiste an Eachréidh. This account is to be used only for school purposes. The use of a student's @gretb.ie email address on social media is strictly prohibited.
- The use of personal email accounts is not allowed at Coláiste an Eachréidh.
- Pupils should not under any circumstances share their email account login details with other pupils.
- Pupils should be aware that email communications are monitored.
- Pupils will not use school email account to send personal emails.
- Pupils will not send any material that is illegal, obscene, and defamatory or that is intended to annoy or intimidate another person.
- Pupils should immediately report the receipt of any communication that makes them feel uncomfortable, is offensive, discriminatory, threatening or bullying in nature and must not respond to any such communication.

- Pupils should avoid opening emails that appear suspicious. If in doubt, pupils should ask their teacher before opening emails from unknown senders.

- Arranging a face-to-face meeting with someone who a student only know through emails or other online communication is strictly prohibited.

7. Na Meáin Shóisialta

Baineann na ráitis seo a leanas leis an úsáid a bhaintear as seirbhísí teachtaireachtaí, blagála agus fís-sruthaithe i gColáiste an Eachréidh:

- Ceadaítear úsáid a bhaint as suíomhanna fís-sruthaithe cosúil le YouTube agus Vimeo etc. ach sainchead a fháil ón bhfoireann teagaisc.

- Ní bhainfidh an fhoireann agus na daltaí úsáid as na meáin shóisialta agus as an idirlíon ar aon bhealach a dhéanfaidh ciapadh, a mhaslóidh, a bhainfidh mí-úsáid nó a dhéanfaidh clúmhilleadh ar dhaltaí, a mbaill theaghlaigh, an fhoireann, baill eile de phobal Coláiste an Eachréidh.

- Ní phléifidh an fhoireann agus na daltaí eolas maidir le daltaí, an fhoireann agus baill eile de phobal Coláiste an Eachréidh ar na meáin shóisialta.

- Ní úsáidfidh an fhoireann agus na daltaí seoltaí ríomhphoist na scoile chun cuntais meáin shóisialta pearsanta a bhunú nó chun cumarsáid a dhéanamh trí mheáin den sórt sin.

- Ní bheidh an fhoireann agus na daltaí ag gabháil do ghníomhaíochtaí lena mbaineann na meáin shóisialta a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar Choláiste an Eachréidh.

- Ní fhéadfaidh an fhoireann agus na daltaí do thuairimí pearsanta a léiriú mar thuairimí Coláiste an Eachréidh ar aon mheán sóisialta.

7. Social Media

The following statements apply to the use of messaging, blogging and video streaming services in Coláiste an Eachréidh:

- Use of video streaming sites such as YouTube and Vimeo etc. is with express permission from teaching staff.

- Staff and pupils must not use social media and the internet in any way to harass, insult, abuse or defame pupils, their family members, staff, other members of the Coláiste an Eachréidh community.

- Staff and pupils must not discuss personal information about pupils, staff and other members of the Coláiste an Eachréidh community on social media.

- Staff and pupils must not use school email addresses for setting up personal social media accounts or to communicate through such media.

- Staff and pupils must not engage in activities involving social media which might bring Coláiste an Eachréidh into disrepute.

- Staff and pupils must not represent your personal views as those of being Coláiste an Eachréidh on any social medium.

8. Íomhánna & Físeán

Ba cheart a bheith cúramach nuair atá íomhánna grianghrafadóireachta/físeán á nglacadh, bí cinnte go bhfuil cóiriú cuí ar na daltaí agus nach bhfuil siad ag gabháil de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar na daoine nó ar an scoil.

Níl cead ag daltaí íomhánna de dhaoine eile a ghlacadh, a úsáid, a roinnt ná a fhoilsiú gan toiliú a fháil ó Choláiste an Eachréidh.

Ní cheadaítear in imthosca ar bith grianghraif nó físeáin a thógáil ar chlós na scoile nó nuair a bhítear ag gabháil do ghníomhaíochtaí scoile.

Ní ceadmhach do dhaltaí íomhánna, físeáin ná ábhar eile a chomhroinnt ar líne agus é mar rún dochar a dhéanamh do bhall eile de phobal na scoile is cuma cibé an dtarlaíonn sé sin ar scoil nó lasmuigh den scoil.

Is iompar do-ghlactha agus iompar a bhfuil cosc iomlán air a bheith ag comhroinnt íomhánna gáirsiúla agus go háirithe íomhánna gáirsiúla de leanaí agus/nó mionlaigh, ag a mbeidh iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha dóibh siúd lena mbaineann. Cuirtear dalta a chomhroinneann íomhánna gáirsiúla de dhaltaí eile ar fionraí go huathoibríoch mar smachtbhanna.

8. Images & Video

Care should be taken when taking photographic or video images that pupils are appropriately dressed and are not participating in activities that might bring the individuals or the school into disrepute.

At Coláiste an Eachréidh pupils must not take, use, share, publish or distribute images of others without their permission.

Taking photos or videos on school grounds or when participating in school activities is not allowed under any circumstances.

Pupils must not share images, videos or other content online with the intention to harm another member of the school community regardless of whether this happens in school or outside.

Sharing explicit images and in particular explicit images of pupils and/or minors is an unacceptable and absolutely prohibited behaviour, with serious consequences and sanctions for those involved.

9. Cibearbhulaíocht

Agus iad ag úsáid an idirlín, beifear ag súil go gcaithfidh daltaí, tuismitheoirí agus an fhoireann go hómósach le daoine eile ag gach tráth.

Is iompar do-ghlactha agus iompar a bhfuil cosc iomlán air a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí ar líne agus é mar rún dochar a dhéanamh do dhalta nó do bhall foirne eile, iad a chiapadh, nó a náiriú, ag a mbeidh iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha dóibh siúd lena mbaineann.

Glactar bearta lena chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na daltaí ar an eolas go sainítear bulaíocht mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Áirítear cibearbhulaíocht leis an sainmhíniú sin, fiú nuair a tharlaíonn sé lasmuigh den scoil nó istoíche.

Cuid dhílis de bheartas frithbhulaíochta ár scoile is ea cibearbhulaíocht a chosc anois.

10. Suíomhanna Gréasáin Scoile

Comhordóidh múinteoir foilsiú obair na ndaltaí.

Ní fhoilseoidh Coláiste an Eachréidh sloinne na ndaltaí i bhfoscríbhinní grianghraf a fhoilseofar ar líne.

9. Cyberbullying

When using the internet pupils, parents and staff are expected to treat others with respect at all times.

Engaging in online activities with the intention to harm, harass, or embarrass and another pupil or member of staff is an unacceptable and absolutely prohibited behaviour, with serious consequences and sanctions for those involved.

Measures are taken by Coláiste an Eachréidh to ensure that staff and pupils are aware that bullying is defined as unwanted negative behaviour, verbal, psychological or physical, conducted by an individual or group against another person (or persons) and which is repeated over time. This definition includes cyberbullying even when it happens outside the school or at night.

The prevention of cyberbullying is an integral part of the anti-bullying policy of our school.

10. School Websites

The publication of student work will be coordinated by a teacher.
Coláiste an Eachréidh will avoid publishing the last name of pupils in video or photograph captions published online.

Foirm Cheadaithe

Comhaontaím cloí le Polasaí Úsáide Inghlactha na Scoile maidir le húsáid an Idirlín. Úsáidfidh mé an t-idirlíon ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mé na rialacha a mhíníonn an scoil dom.

Síniú an Dalta: _____

Tuismitheoir/Caomhnóir: _____

Dáta: _____

Mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir dlíthiúil an dalta thuas, léigh mé an Polasaí Úsáide Inghlactha agus tugaim cead do mo mhac nó m'iníon nó don leanbh faoi mo chúram rochtain a fháil ar an Idirlíon. Tuigim gur chun críocha oideachais a bheartaítear rochtain a fháil ar an Idirlíon. Tuigim freisin go ndearna an scoil gach réamhchúram réasúnta chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach nach féidir freagracht a chur ar an scoil i gcás ina bhfaigheann daltaí rochtain ar shuíomhanna Idirlín mí-oiriúnacha.

Maidir le suíomh Idirlín na scoile, glacaim leis go bhféadfar obair scoile mo linbh a roghnú lena cur san áireamh ar an suíomh Idirlín, i gcás ina measann an scoil go bhfuil sí oiriúnach. Tuigim agus glacaim le téarmaí an Pholasaí Úsáide Inghlactha a bhaineann le hobair daltaí a fhoilsiú ar shuíomh Idirlín na scoile.

Síniú: _____ Dáta: _____

Seoladh: _____
_____
_____
_____

Athbhreithnigh an Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín scoile faoi iamh, agus déan an fhoirm cheada seo a shíniú agus a chur ar ais chuig an gComhordaitheoir TFC.

Coláiste an Eachréidh

Ainm an Dalta:_____

Rang/Bliain:_____

Dalta:_____

Permission Form

I agree to follow the school's Acceptable Use Policy on the use of the Internet. I will use the Internet in a responsible way and obey all the rules explained to me by the school.

Student's Signature: _____
Parent/Guardian : _____
Date: _____

As the parent or legal guardian of the above student, I have read the Acceptable Use Policy and grant permission for my son or daughter or the child in my care to access the Internet. I understand that Internet access is intended for educational purposes. I also understand that every reasonable precaution has been taken by the school to provide for online safety but the school cannot be held responsible if students access unsuitable websites.

In relation to the school website, I accept that, if the school considers it appropriate, my child's schoolwork may be chosen for inclusion on the website. I understand and accept the terms of the Acceptable Use Policy relating to publishing students' work on the school website.

Signature: _____ Date: _____
Address: _____
_____
_____
_____

Please review the attached school Internet Acceptable Use Policy, and sign and return this permission form to the ICT Coordinator.

Coláiste an Eachréidh

Name of Student:_____

Class/Year:_____

Student:_____